

Teanga eile, meon eile

Dhá theanga a bhí sa bhaile againn agus mé ag fás aníos – an Ghaeilge agus an Béarla – agus níorbh eol dom aon difear eatarthu. Gnáthrud é sin ag leanaí i dteaghlach dátheangach nó ilteangach, feictear dom; is tábhachtaí leo an chumarsáid ná an teanga. Os a choinne sin, is cuimhin liom go maith an uair a thosaigh mé ag foghlaim an tríú teanga. Ba é foclóir an Dr Seuss an chéad leabhar Fraincise a bhí agam agus is iomaí maidin Shathairn a chaith mé i mo shuí ar leac an dorais le mo dhaid faoi iomlán gréine á léamh – bhíodh an ghrian ag taitneamh de shíor laethanta órga sin m'óige! Cuimhním go maith ar an leabhar sin toisc gur thuig mé fiú ag an bpointe sin go bhféadfainn eolas a chur ar dhomhan eile ar fad ach leanúint orm ag foghlaim na bhfocal coimhthíoch a bhí ann.

Ba é teoiric a bhí ag na teangeolaithe Whorf agus Sapir sna 1930idí go mbíonn tionchar ag struchtúr teanga ar dhearcadh an té a labhraíonn an teanga sin. D'úsáid Whorf sampla threibh na Hóipeach in Arizona Stáit Aontaithe Mheiriceá agus mhaígh sé nach ionann, mar shampla, an tuiscint atá acu sa chultúr sin ar chúrsaí ama agus an tuiscint atá ag cainteoirí mhórtheangacha na hEorpa toisc gur beag ainmfhocal atá ag na Hóipigh chun tagairt d'aonaid ama. Sna 1960idí, áfach, chuir scoláirí eile go mór i gcoinne na teoirice sin agus mhaígh siad go láidir go bhfuil an próiseas smaointe neamhspleách ar an teanga. Bhí teoiric na scoláirí sin ag teacht leis an méid a chreid Platón – is iad na tuairimí is tábhachtaí agus is éard atá sa teanga uirlis leis na tuairimí a chur in iúl. Cibé teoiric is fearr leat féin, níl aon amhras ach go bhfuil coincheapa is féidir a léiriú i dteangacha áirithe ach ar deacair iad a aistriú go teangacha eile. Mar sin, is mó ná foghlaim focal é foghlaim teanga; is rud níos uileghabhálaí é, agus measaim go bhfuil sin ar cheann de na gnéithe is taitneamhaí faoi. Cuimhnigh ar na focail i dteangacha áirithe nach féidir a aistriú go díreach go teanga eile. Féach an focal atá sa Spáinnis ar an seal a chaitheann tú i gcomhluadar daoine tar éis béile a chaitheamh leo (*sobremesa*), nó an focal atá ag na Seapánaigh ar an gcineál solais a shoilsíonn trí dhuilliúr na gcrann (*komorebi*). Is dócha gurb ann do na focail sin mar go gcuireann siad síos ar choincheap ar leith atá tábhachtach sna cultúir sin.

Léargas breise ar dhomhain agus ar chultúir eile an luach saothair a bhíonn ar fhoghlaim teangacha. Níl aon dá theanga mar an gcéanna. Agus nach maith gur sin mar atá!